# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 451

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 65**

**28 Samhain 2022**

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2022/C 451/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 451/02 Cás C-241/21: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Riigikohus – an Eastóin) – I. L. v Politsei- ja Piirivalveamet (Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2008/115/CE – Náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh – Airteagal 15(1) – Coinneáil – Forais choinneála – Critéar ginearálta bunaithe ar an riosca go gcuirfear i gcontúirt cur i gcrích éifeachtach an bhaint – Riosca cion coiriúil a dhéanamh – Iarmhairtí bhunú an chiona agus smachtbhanna a fhógairt – Castacht an phróisis bhaint – Airteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Teorainn leis an gceart bunúsach chun saoirse – Bunús dlí a cheangal – Riachtanais soiléire, intuarthachta agus inrochtaineachta – Cosaint i gcoinne treallach) 2

2022/C 451/03 Cás C-250/21: Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Sąd Administracyjny – an Pholainn) – Szef Krajowej Administracji Skarbowej v O. Fundusz Inwestycyjny Zamknięty reprezentowany przez O S.A. (Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin Bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Seirbhísí a sholáthar ar chomaoin – Eisceachtaí – Airteagal 135(1)(b) – Deonú creidmheasa – Comhaontú fo-rannpháirtíochta) . . . . . . . 3

GA

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 451/04 | Cás C-266/21: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski gradski sad – an Bhulgáir) – nós imeachta coiriúil i gcoinne HV (Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas iompair – Treoir 2006/126/CE – Airteagal 11(2) agus (4) – Fionraí an chirt mótarfheithicil a thiomáint – Ceadúnas tiomána arna eisiúint ag an mBallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu mar mhalairt ar cheadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile – Diultú an chéad Bhallstáit cinneadh an ceart chun tiomáint a chur ar fionraí arna ghlacadh ag an dara Ballstát a chur i bhfeidhm – Oibleagáid ar an dara Ballstát gan aitheantas a thabhairt, i gcríocha dá chuid féin, do bhailíocht an cheadúnais tiomána atá curtha ar fionraí) | 3 |
| 2022/C 451/05 | Cás C-293/21: Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – UAB "Vittamed technologijos", faoi leachtú v Valstybinė mokesčių inspekcija (Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Asbhaintí CBL ar ionchur – Earraí agus seirbhísí arna n-úsáid ag an duine inchánach chun earraí caipitiúla a dhéanamh – Airteagail 184 go 187 – Asbhaintí a thabhairt chun rialtachta – Oibleagáid asbhaintí CBL a thabhairt chun rialtachta sa chás ina gcuirtear an duine inchánach sin faoi leachtú agus é a bheith bainte ó chlár na n-íocóirí CBL) | 4 |
| 2022/C 451/06 | Cásanna Uamtha C-433/21 agus C-434/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarrataí ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione – an Iodáil) – Agenzia delle Entrate v Contship Italia SpA (Tarchur chun réamhrialú – Cánachas díreach – Saoirse bhunaíochta – Cáin chorparáide – Socruithe frithsheachanta cánach do chuideachtaí caocha – Ioncam inchánach a shocrú ar bhonn ioncaim íosta toimhdithe – Cuideachtaí agus eintitis atá liostaithe ar mhargaí náisiúnta rialáilte a eisiamh ó raon feidhme na socruithe cánach seo) | 5 |
| 2022/C 451/07 | Cás C-436/21: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof – an Ghearmáin) – flightright GmbH v American Airlines, Inc. (Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(1)(a) – Raon feidhme – Airteagal 2(f) go (h) – An coincheap "ticéad" – An coincheap "áirithint" – An coincheap "nasceitilt" – Áirithint a dhéanamh trí ghníomhaireacht taistil – Airteagal 7 – Aerphaisinéirí a chúiteamh i gcás ina bhfuil moill fhada ar eitilt – Oibríocht tráchtála arb éard atá inti ná roinnt eitiltí atá á n-oibriú ag aeriompróirí oibriúcháin ar leith – Nasceitilt a imíonn ó aerfort atá lonnaithe i mBallstát, le stad san Eilvéis agus arb í tríú tír a ceann scríbe) | 6 |
| 2022/C 451/08 | Cás C-673/21 P: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 – KN v Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) (Achomharc – Dlí institiúideach – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) – Cód iompair – Líomhaintí maidir le ciapadh morálta in aghaidh ball de CESE – Imscrúdú ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – Cinneadh an ball a mhaolú óna dhualgais maoirseachta agus bainistíocht foirne – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúiteamh) | 6 |
| 2022/C 451/09 | Cás C-383/22 P: Achomharc arna thabhairt an 9 Meitheamh 2022 ag SFD S.A i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra) a tugadh an 30 Márta 2022 i gCás T-35/21, T-35/21, SFD v EUIPO – Allmax Nutrition ("ALLNUTRITION DESIGNED FOR MOTIVATION") | 7 |
| 2022/C 451/10 | Cás C-420/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Szegedi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 24 Meitheamh 2022 – NW v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus Miniszterelnöki Kabinetirodát vezető miniszter | 7 |
| 2022/C 451/11 | Cás C-429/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Oberlandesgericht Wien (an Ostair) a taisceadh an 28 Meitheamh 2022 – VK v N1 Interactive Ltd. | 8 |
| 2022/C 451/12 | Cás C-528/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Szegedi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 8 Lúnasa 2022 – PQ v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus Miniszterelnöki Kabinetirodát vezető miniszter | 9 |
| 2022/C 451/13 | Cás C-532/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Cluj (an Rómáin) arna taisceadh an 9 Lúnasa 2022 — Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca, Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj v SC Westside unicat | 10 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 451/14 | Cás C-563/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Administrativen sad Sofia-grad (an Bhulgáir) a taisceadh an 22 Lúnasa 2022 – SN agus LN, arna n-ionadú ag SN | 11 |
| 2022/C 451/15 | Cás C-625/22 P: Achomharc arna thabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 ag Grail LLC i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra mhéadaithe) a tugadh an 13 Iúil 2022 i gCás T-227/21, Illumina v an Coimisiún | 13 |
| | **Chúirt Ghinearálta** | |
| 2022/C 451/16 | Cás T-170/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 13 Meán Fómhair 2022 – Ben Ali v an Chomhairle (An comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha a ghlacadh atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis – Bás an iarratasóra – Éagmais na ndaoine a bhí i dteideal leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí – Ní gá breith a thabhairt) | 14 |
| 2022/C 451/17 | Cás T-130/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 12 Meán Fómhair 2022 – Biologische Heilmittel Heel v EUIPO – Esi (TRAUMGEL) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh TRAUMGEL – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe Traumeel – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmais riosca mearbhaill – Éagmais cosúlachta idir na hearraí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach) | 14 |
| 2022/C 451/18 | Cás T-569/22: Caingean arna tabhairt an 13 Meán Fómhair 2022 – QZ v BEI | 15 |
| 2022/C 451/19 | Cás T-570/22: Caingean arna tabhairt an 12 Meán Fómhair 2022 – Herbert Smith Freehills v an Coimisiún | 16 |
| 2022/C 451/20 | Cás T-571/22: Caingean arna tabhairt an 15 Meán Fómhair 2022 – Sberbank Europe v BRA | 16 |
| 2022/C 451/21 | Cás T-572/22: Caingean arna tabhairt an 15 Méan Fómhair 2022 – Sberbank Europe v BRA | 17 |
| 2022/C 451/22 | Cás T-619/22: Caingean arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2022 – CMB v an Coimisiún | 18 |
| 2022/C 451/23 | Cás T-627/22: Caingean arna tabhairt an 10 Deireadh Fómhair 2022 — Vi.ni.ca.v EUIPO — Venica & Venica (agricolavinica. Le Colline di Ripa) | 19 |
| 2022/C 451/24 | Cás T-629/22: Caingean arna tabhairt an 10 Deireadh Fómhair 2022 – LAICO v an Comhairle | 20 |
| 2022/C 451/25 | Cás T-635/22: Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Fridman agus páirtithe eile v an Chomhairle | 21 |
| 2022/C 451/26 | Cás T-636/22: Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 — U. I. Lapp v EUIPO — Labkable Asia (Labkable Solutions for cables) | 21 |
| 2022/C 451/27 | Cás T-640/22: Caingean arna tabhairt an 13 Deireadh Fómhair 2022 – Westpole Belgium agus Unisys Belgium v an Pharlaimint | 22 |
| 2022/C 451/28 | Cás T-641/22: Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Portigon v BRA | 24 |
| 2022/C 451/29 | Cás T-642/22: Caingean arna tabhairt an 14 Deireadh Fómhair 2022 — Yanukovych v an Chomhairle | 25 |
| 2022/C 451/30 | Cás T-643/22: Caingean arna tabhairt an 14 Deireadh Fómhair 2022 — Yanukovych v an Chomhairle | 26 |
| 2022/C 451/31 | Cás T-530/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Deireadh Fómhair 2022 – Interfloat agus GMB v an Coimisiún | 27 |

IV

*(Fógraí)*

## FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

### Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 451/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 441, 21.11.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 432, 14.11.2022

IO C 424, 7.11.2022

OJ C 418, 31.10.2022

IO C 408, 24.10.2022

IO C 398, 17.10.2022

IO C 389, 10.10.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Riigikohus – an Eastóin) – I. L. v Politsei- ja Piirivalveamet**

**(Cás C-241/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2008/115/CE – Náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh – Airteagal 15(1) – Coinneáil – Forais choinneála – Critéar ginearálta bunaithe ar an riosca go gcuirfear i gcontúirt cur i gcrích éifeachtach an bhaint – Riosca cion coiriúil a dhéanamh – Iarmhairtí bhunú an chiona agus smachtbhanna a fhógairt – Castacht an phróisis bhaint – Airteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Teorainn leis an gceart bunúsach chun saoirse – Bunús dlí a cheangal – Riachtanais soiléire, intuarthachta agus inrochtaineachta – Cosaint i gcoinne treallach)***

(2022/C 451/02)

*Teanga an cháis: an Eastóinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Riigikohus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* I. L.

*Cosantóir:* Politsei- ja Piirivalveamet

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 15(1) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008, maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní cheadaítear do Bhallstát náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur faoi choinneáil ar bhonn critéar ginearálta amháin atá bunaithe ar an riosca go gcuirfear i gcontúirt cur i gcrích éifeachtach an bhaint, gan ceann de na forais shonracha coinneála a shásamh dá bhforáiltear agus arna sainmhíniú go soiléir sa reachtaíocht atá beartaithe chun an fhoráil sin a thrasuí sa dlí náisiúnta.

[1] IO C 242, 21.06.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Sąd Administracyjny – an Pholainn) – Szef Krajowej Administracji Skarbowej v O. Fundusz Inwestycyjny Zamknięty reprezentowany przez O S.A.**

**(Cás C-250/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin Bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Seirbhisí a sholáthar ar chomaoin – Eisceachtaí – Airteagal 135(1)(b) – Deonú creidmheasa – Comhaontú fo-rannpháirtíochta)***

(2022/C 451/03)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Naczelny Sąd Administracyjny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Szef Krajowej Administracji Skarbowej

*Cosantóir*: O. Fundusz Inwestycyjny Zamknięty reprezentowany przez O S.A.

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 135(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tagann na seirbhísí arna soláthar ag fo-rannpháirtí faoi chomhaontú fo-rannphartaíochta, arb éard atá ann ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil don tionscnóir ar íocaíocht fháltais na n-infháltas a shonraítear sa chomhaontú sin, ar infháltais iad sin a fhanann i sócmhainní an tionscóra, faoin gcoincheap "deonú creidmheasa", de réir bhrí na forála sin.

([1]) IO C 289, 19.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski gradski sad – an Bhulgáir) – nós imeachta coiriúil i gcoinne HV**

**(Cás C-266/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas iompair – Treoir 2006/126/CE – Airteagal 11(2) agus (4) – Fionraí an chirt mótarfheithicil a thiomáint – Ceadúnas tiomána arna eisiúint ag an mBallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu mar mhalairt ar cheadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile – Diultú an chéad Bhallstáit cinneadh an ceart chun tiomáint a chur ar fionraí arna ghlacadh ag an dara Ballstát a chur i bhfeidhm – Oibleagáid ar an dara Ballstát gan aitheantas a thabhairt, i gcríocha dá chuid féin, do bhailíocht an cheadúnais tiomána atá curtha ar fionraí)***

(2022/C 451/04)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

HV

*Idiragraí:* Sofiyska gradska prokuratura

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le forálacha comhcheangailte Airteagal 11(2) agus an dara fomhír d'Airteagal 11(4) de Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ceadaítear don Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ar shealbhóir ceadúnais tiomána arna eisiúint ag an mBallstát sin dul gan aitheantas a thabhairt do chinneadh agus dul gan é a chur i bhfeidhm ina chríoch, ar cinneadh é lena chuirtear ar fionraí ceart an sealbhóra sin mótarfheithicil a thiomáint arna ghlacadh ag Ballstát eile mar gheall ar chion tráchta bóthair a rinneadh i gcríoch an Bhallstáit sin, lena n-áirítear an cás inar eisíodh an ceadúnas tiomána sin mar mhalairt ar cheadúnas tiomána arna eisiúint cheana féin ag an mBallstát inar ndearnadh an cion tráchta bóthair.

(1) IO C 263, 05.07.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – UAB "Vittamed technologijos", faoi leachtú v Valstybinė mokesčių inspekcija**

**(Cás C-293/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Asbhaintí CBL ar ionchur – Earraí agus seirbhísí arna n-úsáid ag an duine inchánach chun earraí caipitiúla a dhéanamh – Airteagail 184 go 187 – Asbhaintí a thabhairt chun rialtachta – Oibleagáid asbhaintí CBL a thabhairt chun rialtachta sa chás ina gcuirtear an duine inchánach sin faoi leachtú agus é a bheith bainte ó chlár na n-íocóirí CBL)***

(2022/C 451/05)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* UAB "Vittamed technologijos", faoi leachtú

*Cosantóir:* Valstybinė mokesčių inspekcija

*idiragraí:* Kauno apskrities valstybinė mokesčių inspekcija

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagail 184 go 187 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Nollaig 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh orthu amhail go bhfuil duine inchánach faoi oibleagáid asbhaintí cánach breisluacha (CBL) ar ionchur i leith earraí nó seirbhísí arna bhfáil d'fhonn earraí caipitiúla a dhéanamh a thabhairt chun rialtachta sa chás, mar gheall ar chinneadh ón úinéir nó ón scairshealbhóir aonair den duine inchánach sin é a chur faoi leachtú agus ar iarratas an duine incháinaigh sin go ndéanfaí é a bhaint ó chlár na n-íocóirí CBL, agus mar gheall air gur baineadh é, níor baineadh úsáid as na hearraí caipitiúla sin – agus ní bhainfear úsáid astu riamh – mar chuid de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha inchánacha. Maidir leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin an duine inchánach sin a chur faoi leachtú agus, dá bharr sin, an ghníomhaíocht eacnamaíoch inchánach a bhí ceaptha a chur ar lár, amhail caillteanais ag fás gan deireadh, easpa orduithe agus an t-amhras a bhí ar scairshealbhóir an duine incháinaigh i leith brabúsacht na gníomhaíochta eacnamaíche a bhí ceaptha, níl tionchar ar bith acu ar oibleagáid an duine incháinaigh na hasbhaintí CBL atá i gceist a thabhairt chun rialtachta, a mhéid nach bhfuil – agus nach mbeidh riamh – rún ar bith air na hearraí caipitiúla a úsáid chun críocha idirbhearta eacnamaíocha.

(1) IO C 289, 19.7.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarrataí ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione – an Iodáil) – Agenzia delle Entrate v Contship Italia SpA**

**(Cásanna Uamtha C-433/21 agus C-434/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas díreach – Saoirse bhunaíochta – Cáin chorparáide – Socruithe frithsheachanta cánach do chuideachtaí caocha – Ioncam inchánach a shocrú ar bhonn ioncaim íosta toimhdithe – Cuideachtaí agus eintitis atá liostaithe ar mhargaí náisiúnta rialáilte a eisiamh ó raon feidhme na socruithe cánach seo)***

(2022/C 451/06)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Agenzia delle Entrate

*Cosantóir:* Contship Italia SpA

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 49 CFAE a léiriú amhail nach gcuirtear toirmeasc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear léi ach do chuideachtaí a thrádáiltear a gcuid urrús ar mhargaí rialáilte náisiúnta, ach atá faoi rialú ag cuideachtaí agus eintitis atá liostaithe ar mhargaí rialáilte náisiúnta, tairbhe a bhaint as an bhforas i gcomhair eisiamh ó chur i bhfeidhm na socruithe frithsheachanta cánach do chuideachtaí caocha, gan cuideachtaí eile a chur san áireamh san fhoras i gcomhair eisiamh seo, bíodh siad náisiúnta nó eachtrach, nach dtrádáiltear a gcuid urrús ar mhargaí rialáilte náisiúnta, ach atá faoi rialú ag cuideachtaí agus eintitis atá liostaithe ar mhargaí rialáilte eachtracha.

(1) IO C 422, 18.10.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof – an Ghearmáin) – flightright GmbH v American Airlines, Inc.**

**(Cás C-436/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(1)(a) – Raon feidhme – Airteagal 2(f) go (h) – An coincheap "ticéad" – An coincheap "áirithint" – An coincheap "nasceitilt" – Áirithint a dhéanamh trí ghníomhaireacht taistil – Airteagal 7 – Aerphaisinéirí a chúiteamh i gcás ina bhfuil moill fhada ar eitilt – Oibríocht tráchtála arb éard atá inti ná roinnt eitiltí atá á n-oibriú ag aeriompróirí oibriúcháin ar leith – Nasceitilt a imíonn ó aerfort atá lonnaithe i mBallstát, le stad san Eilvéis agus arb í tríú tír a ceann scríbe)***

(2022/C 451/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* flightright GmbH

*Cosantóir:* American Airlines, Inc.

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 2(h) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

leis an gcoincheap "nasceitilt", cuimsítear oibríocht tráchtála arb éard atá inti ná roinnt eitiltí, atá á n-oibriú ag aeriompróirí oibriúcháin ar leith nach bhfuil comhbhaint dhlíthiúil áirithe acu le chéile, i gcás inar thug gníomhaireacht taistil na heitiltí sin le chéile, ar gníomhaireacht taistil í ar ghearr praghas foriomlán agus ar eisigh aon ticéad amháin don oibríocht sin, rud a fhágann go bhfuil an ceart chun cúiteamh á fháil faoi Airteagal 7 den Rialachán sin inagartha ag paisinéir a imíonn ó aerfort atá lonnaithe i mBallstát agus atá thíos le moill fhada a chuirtear ar a shroicheadh nó a sroicheadh ag ceann scríbe na heitilte deireanaí.

[1] IO C 452, 8.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 – KN v Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)**

**(Cás C-673/21 P)** [1]

***(Achomharc – Dlí institiúideach – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) – Cód iompair – Líomhaintí maidir le ciapadh morálta in aghaidh ball de CESE – Imscrúdú ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – Cinneadh an ball a mhaolú óna dhualgais maoirseachta agus bainistíocht foirne – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúiteamh)***

(2022/C 451/08)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* KN (ionadaithe: M. Aboudi agus M. Casado García-Hirschfeld, Dlíodóirí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) (ionadaithe: X. Chamodraka, M. Pascua Mateo, L. Camarena Januzec agus A. Carvajal García-Valdecasas, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó A. Duron, Dlíodóir)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do KN a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) a íoc.

---

([1]) IO C 11, 10.01.2022

---

## Achomharc arna thabhairt an 9 Meitheamh 2022 ag SFD S.A i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra) a tugadh an 30 Márta 2022 i gCás T-35/21, T-35/21, SFD v EUIPO – Allmax Nutrition ("ALLNUTRITION DESIGNED FOR MOTIVATION")

**(Cás C-383/22 P)**

(2022/C 451/09)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* SFD S.A. (ionadaí: T. Grucelski, adwokat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Le hordú an 17 Deireadh Fómhair 2022, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh an Chúirt do SFD S.A. a chostais féin a íoc.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Szegedi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 24 Meitheamh 2022 – NW v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus Miniszterelnöki Kabinetirodát vezető miniszter

**(Cás C-420/22)**

(2022/C 451/10)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Szegedi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* NW

*Cosantóir:* Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság, Miniszterelnöki Kabinetirodát vezető miniszter

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 10(1) de Threoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, (1) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") – agus, sa chás áirithe seo, le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt – ná go ndlitear ar údarás Ballstáit a ghlac cinneadh lena dtarraingítear siar doiciméad cónaithe fhadtéarmaigh, arna dheonú cheana féin do náisiúnach tríú tír, ar bhonn na slándála náisiúnta, an bheartais phoiblí agus/nó na slándála poiblí, agus go gceanglaítear ar údarás speisialaithe an Bhallstáit a chinneann rúndacht na faisnéise, a áirithiú go ráthaítear i gcás ar bith, go mbeadh ceart ar a laghad ag an náisiúnach tríú tír agus ag a ionadaí dlí teacht ar bhunús na faisnéise agus na sonraí rúnda nó rúnaicmithe atá mar bhonn leis an gcinneadh arna dhéanamh de bhun an fhorais arna thabhairt le fios agus an fhaisnéis seo a úsáid sna himeachtaí a bhaineann leis an gcinneadh, i gcás ina maíonn an t-údarás ar a bhfuil freagracht go mbeadh a leithéid de nochtadh ar neamhréir le leasanna na slándála náisiúnta?

2) Más ea, céard é an bhrí atá le baint as "bunús" na bhforas rúnda ar a mbunaítear an cinneadh, i bhfianaise Airteagail 41 agus 47 den Chairt?

3) I bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, an é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 10(1) de Threoir 2003/109 ná nach mór an dlínse is gá chun dleathacht (a riachtanas agus a chomhréireacht) na rúndachta a bheith ag cúirt Ballstáit a rialaíonn a dhleathaí agus atá an tuairim ó udarás speisialaithe an Stáit a bhunaítear ar fhaisnéis rúnda nó rúnaicmithe agus an cinneadh substainteach maidir le hinimirce, agus a ordú dá stuaim féin chomh maith, i gcás ina measann sí an rúnaicmiú a bheith neamhdhleathach, go mbeadh an fhaisnéis go léir ar a mbunaítear an tuairim agus an cinneadh ó na húdaráis riaracháin inrochtana agus inúsáidte ag an duine lena mbaineann agus ag a ionadaí dlíthiúil, nó i gcás ina bhfuil an rúnaicmiú dleathach, go mbeadh bunús na faisnéise rúnda ar a laghad inrochtana don duine lena mbaineann, mar chuid de na himeachtaí maidir le hinimirce a bhaineann leis?

4) An é an léiriú atá le déanamh ar Airteagail 9(3) agus 10(1) de Threoir 2003/109, i gcomhar le hAirteagail 7, 24, 51(1) agus 52(1) den Chairt, ná go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Ballstáit faoinar glacadh cinneadh maidir le hinimirce lena dtarraingítear siar doiciméad cónaithe fhadtéarmaigh arna dheonú roimhe sin ar bhonn measúnú neamh-réasúnaithe

   i.) a bhunaítear ar tharchur uathoibríoch le haghaidh tuairim cheangailteach agus dho-mhaolaithe arna heisiúint ag údaráis speisialaithe an Stáit ar thuairim nach bhfuil réasúnaithe ach an oiread í, agus lena sainaithnítear baol nó dochar don tslándáil náisiúnta, don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí;

   ii.) a glacadh, dá bhrí sin, gan mionscrúdú a dhéanamh ar cibé an ann d'fhorais slándála náisiúnta, slándála poiblí nó ord poiblí sa chás ar leith atá i gceist agus gan imthosca leithleacha ná na ceanglais maidir le riachtanas agus le comhréireacht a chur san áireamh?

(1) IO 2004 L 16, lch. 44.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Oberlandesgericht Wien (an Ostair) a taisceadh an 28 Meitheamh 2022 – VK v N1 Interactive Ltd.**

**(Cás C-429/22)**

(2022/C 451/11)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberlandesgericht Wien

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* VK

*Freagróir:* N1 Interactive Ltd.

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 [1] maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha ("Rialachán na Róimhe I") a léiriú sa chaoi nach bhfuil dlí na tíre ina bhfuil gnáthchónaí ar an tomhaltóir infheidhme i gcás ina bhfuil an dlí is infheidhme faoi Airteagal 4 de Rialachán na Róimhe I, a bhfuil an t-iarratasóir ag iarraidh a chur i bhfeidhm agus a bheadh infheidhme mura raibh stádas tomhaltóra ag an iarratasóir, níos fabhraí don iarratasóir?

(1) Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO 2008 L 177, lch. 6).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Szegedi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 8 Lúnasa 2022 – PQ v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus Miniszterelnöki Kabinetirodát vezető miniszter**

**(Cás C-528/22)**

(2022/C 451/12)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Szegedi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* PQ

*Cosantóirí:* Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus Miniszterelnöki Kabinetirodát vezető miniszter

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) a) An é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), i bhfianaise Airteagail 7 agus 24 de Chairt um Cheart Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") ná go gcuirtear cosc leis ar chleachtas Ballstáit lena nglactar cinneadh lena dtarraingítear siar doiciméad cónaithe arna dheonú cheana féin do náisiúnach tríú tír – nó cinneadh lena ndiúltaítear d'iarratas ar an doiciméad cónaithe a shíneadh (sa chás seo, iarratas ar chead (doiciméad) cónaithe náisiúnta buan a fháil) – ar náisiúnach de Bhallstát de chuid an Aontais é a pháiste mionaoiseach agus a pháirtí saoránaigh an Aontais é a bhfuil sainchónaí orthu sa Bhallstáit sin, gan réamhscrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil ceart díorthaithe chun cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE ag an mball teaghlaigh lena mbaineann, ar náisiúnach tríú tír é?

b) An é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 20 CFAE, i gcomhar le hAirteagail 7, 24, 51(1) agus 52(1) den Chairt ná, i gcás inarb ann do cheart díorthaithe chun cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE, go n-éilítear le Dlí an Aontais go gcuirfeadh na húdaráis riaracháin agus cúirteanna an Bhallstáit dlí an Aontais i bhfeidhm nuair atá cinneadh maidir le beartas inimirce lena dtugtar breith maidir le ceart cónaithe a shíneadh á ghlacadh (sa chás seo, iarratas ar chead (doiciméad) cónaithe náisiúnta buan a fháil), agus nuair a chuirtear na heisceachtaí a bhaineann leis an tslándáil naisiúnta, leis an tslándáil phoiblí agus leis an ord poiblí i bhfeidhm ar a mbunaítear an cinneadh sin, agus, i gcás go léirítear go bhfuil feidhm ag a leithéid d'eisceachtaí, go ndéantar scrúdú ar a riachtanas agus ar a gcomhréireacht chun údar a thabhairt leis an srian ar an gceart cónaithe?

2) An é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 20 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt – agus sa chás áirithe seo, le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt – ná go ndlitear ar údarás Ballstáit a ghlac cinneadh lena dtarraingítear siar doiciméad cónaithe fhadtéarmaigh, arna dheonú cheana féin, ar bhonn na slándála náisiúnta, an bheartais phoiblí agus/nó na slándála poiblí – nó lena dtugtar breith maidir le ceart cónaithe a shíneadh agus go gceanglaítear ar údarás speisialaithe an Bhallstáit a chinneann rúndacht na faisnéise, a áirithiú go ráthaítear i gcás ar bith, go mbeadh ceart ar a laghad ag an náisiúnach tríú tír agus ag a ionadaí dlí teacht ar bhunús na faisnéise agus na sonraí rúnda nó rúnaicmithe atá mar bhonn leis an gcinneadh arna dhéanamh de bhun an fhorais arna thabhairt le fios agus an fhaisnéis seo a úsáid sna himeachtaí a bhaineann leis an gcinneadh, i gcás ina maíonn an t-údarás ar a bhfuil freagracht go mbeadh a leithéid de nochtadh ar neamhréir le leasanna na slándála náisiúnta?

3) Más ea, céard é an bhrí go díreach atá le baint as "bunús" na bhforas rúnda ar a mbunaítear an cinneadh, i bhfianaise Airteagail 41 agus 47 den Chairt?

4) I bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, an é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 10(1) de Threoir 2003/109 ná nach mór an dlínse is gá chun dleathacht na rúndachta (a riachtanas agus a comhréireacht) a bheith ag cúirt Ballstáit a rialaíonn a dhleathaí agus atá an tuairim ó udarás speisialaithe an Stáit a bhunaítear ar fhaisnéis rúnda nó rúnaicmithe agus an cinneadh substainteach maidir le hinimirce, agus a ordú dá stuaim féin chomh maith, i gcás ina measann sí an rúnaicmiú a bheith neamhdhleathach, go mbeadh an fhaisnéis go léir ar a mbunaítear an tuairim agus an cinneadh ó na húdaráis riaracháin inrochtana agus inúsáidte ag an duine lena mbaineann agus ag a ionadaí dlíthiúil, nó i gcás ina bhfuil an rúnaicmiú dleathach, go mbeadh bunús na faisnéise rúnda ar a laghad inrochtana don duine lena mbaineann, mar chuid de na himeachtaí maidir le hinimirce a bhaineann leis?

5) An é an léiriú atá le déanamh ar Airteagal 20 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7, 24, 51(1) agus 52(1) den Chairt, ná go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Ballstáit faoina nglacfaí cinneadh maidir le hinimirce lena dtarraingítear siar doiciméad cónaithe fhadtéarmaigh arna dheonú roimhe sin nó cinneadh maidir le hiarratas ar an doiciméad (cead) cónaithe a shíneadh, ar bhonn measúnú neamh-réasúnaithe

i.) a bhunaítear ar tharchur uathoibríoch le haghaidh tuairim cheangailteach agus dho-mhaolaithe arna heisiúint ag údaráis speisialaithe an Stáit ar thuairim nach bhfuil réasúnaithe ach an oiread í, agus lena sainaithnítear baol nó dochar don tslándáil náisiúnta, don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí;

ii.) a glacadh, dá bhrí sin, gan mionscrúdú a dhéanamh ar cibé an ann d'fhorais slándála náisiúnta, slándála poiblí nó ord poiblí sa chás áirithe seo agus gan imthosca leithleacha ná na ceanglais maidir le riachtanas agus le comhréireacht á gcur san áireamh?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Cluj (an Rómáin) arna taisceadh an 9 Lúnasa 2022 — Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca, Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj v SC Westside unicat**

**(Cás C-532/22)**

(2022/C 451/13)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Cluj

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca, Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj

*Cosantóir:* SC Westside unicat

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 53 den Treoir CBL ([1]) a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aige freisin maidir le seirbhísí amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, is é sin le rá, seirbhísí arna soláthar ag stiúideo físchomhrá d'oibreoir suímh gréasáin, lena n-áirítear seisiúin idirghníomhacha de chineál earótach, a scannánaítear agus a chraoltar i bhfíor-am tríd an idirlíon (beoshruthú an ábhair dhigitigh)?

2) I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist, mar sin chun críocha an frása “an áit ina dtarlaíonn na himeachtaí sin go hiarbhír”, atá in Airteagal 53 den Treoir a léiriú, an bhfuil an áit ina bhfuil na taibheoirí, os comhair an cheamara gréasáin, ábhartha nó an áit a bhfuil eagraí na seisiún bunaithe, nó an áit a bhféachann na custaiméirí ar na híomhánna nó ar cheart áit éigin eile seachas iad siúd a chur san áireamh?

---

(1) Treoir 2006/112 ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. l).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Administrativen sad Sofia-grad (an Bhulgáir) a taisceadh an 22 Lúnasa 2022 – SN agus LN, arna n-ionadú ag SN**

**(Cás C-563/22)**

(2022/C 451/14)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administrativen sad Sofia-grad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* SN agus LN, arna n-ionadú ag SN

*Cosantóir:* Zamestnik-predsedatel na Darzhavnata agentsia za bezhantsite

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An leanann as Airteagal 40(1) de Threoir 2013/32/AE (1), i gcás ina gceadaítear athbhreithniú ar iarratas eile ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag iarratasóir gan Stát de bhunadh Palaistíneach, ar iarratas é a rinneadh ar bhonn a chlárúcháin le UNRWA, go gcumhdaítear freisin leis an oibleagáid atá ar na húdaráis inniúla dá bhforáiltear leis an bhforáil sin chun na gnéithe go léir atá ina mbunús leis an bhfaisnéis bhreise san iarratas eile a chur san áireamh agus a athbhreithniú, in imthosca an cháis, an oibleagáid na cúiseanna ar fhág an duine limistéar oibríochtúil UNRWA a mheas, chomh maith leis na gnéithe nó imthosca nua arb iad ábhar an iarratais eile a athbhreithniú, agus an oibleagáid sin á léiriú i dteannta an dara habairt d’Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95/AE (2)? An mbraitheann comhlíonadh na hoibleagáide sin ar an bhfíoras go ndearnadh scrúdú ar na cúiseanna ar fhág an duine limistéar oibríochtúil UNRWA cheana sna himeachtaí maidir leis an gcéad iarratas ar chosaint [idirnáisiúnta], ina raibh cinneadh cinntitheach lenar diúltaíodh don chosaint sin, nuair nach ndearna an t-iarratasóir a chlárúcháin le UNRWA a agairt ná a chruthú sna himeachtaí sin?

2. An leanann as an dara habairt d’Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 go mbaineann an frása “I gcás ina gcuirtear stop leis an gcosaint nó leis an gcúnamh sin ar chúis ar bith” san fhoráil sin le duine gan Stát de bhunadh Palaistíneach a cláraíodh le UNRWA agus a bhí ag fáil cúnaimh i gCathair Gaza ó UNRWA i bhfoirm bia, seirbhísí sláinte agus seirbhísí oideachais, cé nach raibh aon fhianaise ann go raibh bagairt phearsanta ann don duine sin, a d’fhág Cathair Gaza dá dheoin féin agus go dleathach, ag cur an fhaisnéis atá ar fáil sa chás san áireamh:

   — measúnú ar chúrsaí ina n-iomláine gur ghéarchéim dhaonnúil nach bhfacthas riamh a bhí i gceist, lenar bhain easpa bia, uisce óil, seirbhísí sláinte agus cógas leighis chomh maith le fadhbanna soláthair uisce agus leictreachais, agus foirgnimh agus infreastruchtúr á scriosadh, agus dífhóstaíocht

   — deacrachtaí UNRWA chun cúnamh agus seirbhísí, ina measc bia agus seirbhísí sláinte, a choinneáil ar bun in Gaza mar gheall ar easnamh mór i mbuiséad UNRWA agus síormhéadú sa líon daoine ag brath ar chúnamh na gníomhaireachta, [agus go bhfuil] cúrsaí ina n-iomláine in Gaza ag baint an bonn de ghníomhaíochtaí UNRWA?

   An gcaithfear freagra eile a thabhairt ar an gceist seo toisc amháin gur duine leochaileach an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 20(3) den Treoir sin, eadhon leanbh mionaoiseach?

3. An gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi go bhféadfadh iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, ar dídeanaí Palaistíneach a cláraíodh le UNRWA é, filleadh ar an limistéar oibríochtúil de UNRWA a d'fhág sé, go sonrach, ar Chathair Gaza, i gcás, tráth na héisteachta dá chaingean i gcoinne cinneadh diúltaithe os comhair cúirte

   — nach bhfuil aon fhaisnéis údarásach ann go mbeidh an duine sin in ann cúnamh a fháil ó UNRWA maidir le bia, seirbhísí sláinte, cógais leighis, cúram sláinte agus oideachas,

   — ina measadh gurb é atá san fhaisnéis faoi chúrsaí ina n-iomláine i gCathair Gaza agus faoi UNRWA, de réir Sheasamh UNHCR ar fhilleadh ar Stráice Gaza de mhí an Mhárta 2022, ná go bhfuil cúis ann chun limistéar oibríochtúil UNRWA a fhágáil agus gan filleadh ann,

   agus, dá bhfillfeadh sé, go mbeadh an t-iarratasóir in ann fanacht ansin i ndálaí maireachtála daonnachtúla?

   Ag féachaint don phrionsabal maidir le non-refoulement faoi Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95, arna léamh i dteannta le hAirteagal 19 den Chairt, a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh maidir leis an iarratasóir seo, an dtagann staid phearsanta duine atá ag iarraidh cosaint idirnáisiúnta, i bhfianaise cúrsaí i Stráice Gaza ag an am faoi chaibidil agus a mhéid go bhfuil an duine sin ag brath ar chúnamh ó UNRWA maidir le bia, seirbhísí sláinte, cógais leighis agus cúram leighis, faoi raon feidhme an léirithe a tugadh faoi Uimh. 4 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas an 19 Márta 2019, *Jawo* (C-163/17, EU:C:2019:218), maidir le fíorbhochtaineacht ábhartha faoi Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh?

   Ar bhonn na faisnéise maidir le cúrsaí ina n-iomláine i gCathair Gaza agus maidir le UNRWA, an gcaithfear freagra difriúil a thabhairt ar an gceist maidir le filleadh ar Chathair Gaza toisc amháin gur leanbh mionaoiseach an duine atá ag iarraidh cosanta, ar mhaithe le cosaint leas an linbh agus a chúram, a fhorbairt sóisialta, a chosaint agus a shábháilteacht a ráthú?

4. Ag brath ar an bhfreagra ar an triú ceist:

   An gcaithfear Airteagal (12)(1)(a) agus, go háirithe, an frása "beidh na daoine sin *ipso facto* i dteideal leas na Treorach seo" san fhoráil sin a léiriú sa chaoi:

   A) go mbaineann an prionsabal maidir le non-refoulement faoi Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95, arna léamh i dteannta le hAirteagal 19(1) den Chairt, le duine ag iarraidh cosanta, ar Palaistíneach gan Stát a cláraíodh le UNRWA é, toisc, dá bhfillfí é ar Chathair Gaza, go mbeadh an duine sin i mbaol go gcaithfear leis go mídhaonna nó go táireach, toisc go bhféadfadh sé a bheith faoi fhíorbhochainteacht ábhartha, agus go dtagann sé faoi dheonú na cosanta coimhdí faoi raon feidhme Airteagal 15[(b)] de Threoir 2011/95,

   nó

   B) go gceanglaítear leis an bhforáil sin, maidir le duine ag iarraidh cosanta, ar Palaistíneach gan Stát a cláraíodh le UNRWA é, go ndéanfadh an Ballstát sin stádas mar dhídeanaí de réir bhrí Airteagal 2(c) den Treoir sin a aithint agus go dtabharfar stádas mar dhídeanaí don duine sin trí oibriú dlí, a mhéid is nach dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 12(1)(b) nó (2) nó (3) den Treoir sin, i gcomhréir le hUimh. 2 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas an 19 Nollaig 2012, *Abed El Karem El Kott agus páirtithe eile* (C-364/11, EU:C:2012:826), gan na himthosca ábhartha maidir le deonú cosanta coimhdí faoi Airteagal 15[(b)] de Threoir 2011/95 a chur san áireamh maidir leis an duine sin?

---

([1]) Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60).

([2]) Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9).

**Achomharc arna thabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 ag Grail LLC i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra mhéadaithe) a tugadh an 13 Iúil 2022 i gCás T-227/21, Illumina v an Coimisiún**

**(Cás C-625/22 P)**

(2022/C 451/15)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Achomharcóir:* Grail LLC (ionadaí: D. Little, Aturnae, J. Ruiz Calzado, J. M. Jiménez Laiglesia, abogados, A. Giraud, avocat, S. Troch, advocaat)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Illumina, Inc., an Coimisiún Eorpach, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Fraince, Ríocht na hÍsiltíre, Údarás Faireacháin CSTE

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal agus a chur ar neamhní;

— Cinneadh C(2021) 2847 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 i gCás COMP/M.10188 – *Illumina/Grail*; Cinntí gaolmhara ón gCoimisiún C(2021) 2848 final, C(2021) 2849 final, C(2021) 2851 final, C(2021) 2854 final agus C(2021) 2855 final an 19 Aibreán 2021; agus an Cinneadh gaolmhara ón gCoimisiún an 11 Márta 2021 inar cuireadh in iúl do Illumina agus GRAIL go bhfuair an Coimisiún iarraidh ar réamhrialú agus go raibh an iarmhairt dhlíthiúil aige, de bhun Airteagal 22(4)§ 2 go raibh cosc ar Illumina agus ar GRAIL an comhchruinniú a chur chun feidhme de bhun Airteagal 7 de EUMR ([1]), a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún a chostais féin agus costais an achomharcóra arna dtabhú sna himeachtaí seo agus os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc; agus

— aon bhearta eile is cuí leis an gCúirt Bhreithiúnais a dhéanamh.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn GRAIL an t-iarratasóir trí shaincheist dlí. Dírítear leis an gcéad saincheist dlí ar na hearráidí dlíthiúla a áirítear i léirmhíniú stairiúil, comhthéacsúil agus teileolaíoch an bhreithiúnais atá faoi chonspóid ar Airteagal 22 EUMR, gurb é an tátal a bhaintear as ná go bhféadfaidh na Ballstáit iarraidh ar réamhrialú a dhéanamh faoin bhforáil sin beag beann ar raon feidhme a ndlíthe náisiúnta maidir le rialú cumasc. Dírítear leis an dara saincheist dlí ar na hearráidí dlíthiúla a rinne an Chúirt Ghinearálta ina breithiúnas (i) gan aon iarmhairt dhlíthiúil a bhaint as an gcinneadh ceart gur ghlac an Coimisiún "tréimhse ama míréasúnta" chun an cuireadh a sheoladh chuig na Ballstáit uile maidir leis an gcomhchruinniú a bhaineann le urlámhas aonair a fháil ag Illumina ar GRAIL, agus (ii) sa mheasúnú as a dtagann an conclúid nár sháraigh an Coimisiún ceart cosanta na bPáirtithe le linn an nós imeachta as ar eascair glacadh an chuiridh agus, ar deireadh, Cinneadh C(2021) 2847 ón gCoimisiún. Ar deireadh, dírítear leis an tríú saincheist dlí ar na hearráidí dlíthiúla i measúnú an bhreithiúnais atá faoi chonspóid ar na hionchais dhlisteanacha agus ar an deimhneacht dhlíthiúil a eascraíonn as na dearbhuithe neamhchoinníollacha agus beachta a rinne an Coimisinéir um Iomaíocht/Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin maidir le cathain agus conas a dhéanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar chur i bhfeidhm Airteagal 22 de EUMR.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO 2004 L 24, lch. 1)

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 13 Meán Fómhair 2022 – Ben Ali v an Chomhairle**

**(Cás T-170/21)** ([1])

***(An comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha a ghlacadh atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis – Bás an iarratasóra – Éagmais na ndaoine a bhí i dteideal leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí – Ní gá breith a thabhairt)***

(2022/C 451/16)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali (Saint-Étienne-du-Rouvray, an Fhrainc) (ionadaí: A. de Saint Remy, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: L. Vétillard agus V. Piessevaux, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean, iarrann an t-iarratasóir, ar thaobh amháin, ar bhonn Airteagal 263 CFAE, go gcuirfear ar neamhní Cinneadh (CBES) 2021/55 ón gComhairle an 22 Eanáir 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO 2021 L 23, lch. 22), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/49 ón gComhairle an 22 Eanáir 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO 2021 L 23, lch. 5), mar a bhaineann na gníomhartha sin leis, agus, ar an taobh eile, ar bhonn Airteagal 268 CFAE, go ndéanfar an damáiste a mhaíonn sé a rinneadh dó mar thoradh ar na gníomhartha sin a chúiteamh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá breith a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh.

2) Íocfaidh gach páirtí a chostais féin.

([1]) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 12 Meán Fómhair 2022 – Biologische Heilmittel Heel v EUIPO – Esi (TRAUMGEL)**

**(Cás T-130/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh TRAUMGEL – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe Traumeel – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmais riosca mearbhaill – Éagmais cosúlachta idir na hearraí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2022/C 451/17)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Biologische Heilmittel Heel GmbH (Baden-Baden, an Ghearmáin) (ionadaí: J. Künzel, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaithe: A. Ringelhann agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Esi Srl (Albisola Superiore, an Iodáil)

**Maidir le:**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Nollaig 2021 (Cás R 813/2021-4) a neamhniú go páirteach agus a athrú go páirteach.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc as bheith gan bhunús sa dlí go follasach.

2) Ordaítear do Biologische Heilmittel Heel GmbH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 171, 25.4.2022.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Meán Fómhair 2022 – QZ v BEI**

**(Cás T-569/22)**

(2022/C 451/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QZ (ionadaithe: L. Levi agus P. Baudoux, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinntí an cosantóra dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2021 agus an 8 Márta 2022, ina n-éilíonn an cosantóir go raibh neamhláithreachtaí gan údar ag an iarratasóir le linn trí thréimhse faoi chonspóid, a chur ar ceal;

— cinneadh an chosantóra an 3 Meitheamh 2022, lena ndiúltaítear d'iarraidh an iarratasóra ar athbhreithniú riaracháin agus lena ndeimhnítear go raibh neamhláithreachtaí gan údar ag an iarratasóir le linn trí thréimhse faoi chonspóid, a chur ar ceal;

— a ordú don chosantóir cúiteamh a íoc as an dochar a ndearnadh don iarratasóir; agus

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir na saincheisteanna dlí seo a leanas.

1. Maidir leis an gcéad tréimhse faoi chonspóid, ardaíonn an t-iarratasóir trí shaincheist, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus ar Airteagal 3.6 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacha Foirne, sárú ar an oibleagáid i leith cúiseanna a lua agus ar an gceart chun dea-riaracháin.

2. Maidir leis an dara tréimhse faoi chonspóid, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist, lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 2.1, C, d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacha Foirne.

3. Maidir leis an tríú tréimhse faoi chonspóid, ardaíonn an t-iarratasóir saincheist amháin, lena n-éilítear nach raibh an cosantóir i dteideal, go dlíthiúil, deimhniú leighis an iarratasóra a cheistiú.

---

## Caingean arna tabhairt an 12 Meán Fómhair 2022 – Herbert Smith Freehills v an Coimisiún

**(Cás T-570/22)**

(2022/C 451/19)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Herbert Smith Freehills LLP (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí: P. Wytinck, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach C(2022) 4816 final an 3 Iúil 2022 a chur ar neamhní ina iomláine, de bhun Airteagal 4 de Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001; ([1])

— a ordú don chosantóir costais an iarratasóra sna himeachtaí seo a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 2(1) agus 2(3) de Rialachán 1049/2001, de réir mar a mhainnigh an Coimisiún rochtain a thabhairt ar fhaisnéis ó na bunachair sonraí ábhartha atá incháilithe mar dhoiciméid a thagann faoi raon feidhme na n-iarratas ón iarratasóir, agus mar a mhainnigh an Coimisiún gach doiciméad a thagann faoi raon feidhme na n-iarratas ón iarratasóir a shainaithint agus rochtain a thabhairt orthu, lena n-áirítear na doiciméid idirmheánacha ina bhfuil faisnéis arna hasbhaint ó na bunachair sonraí ábhartha.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain réasúin a shonrú, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43)

---

## Caingean arna tabhairt an 15 Meán Fómhair 2022 – Sberbank Europe v BRA

**(Cás T-571/22)**

(2022/C 451/20)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Sberbank Europe AG (Vín, an Ostair) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh BRA an 5 Iúil 2022 (SRB/EES/2022/37) lenar chinn BRA na speansais arna dtabhú i ndáil le réiteach fhochuideachta Cróitise an iarratasóra agus lenar thug sé treoir do Bhanc Náisiúnta na Cróite na speansais sin a asbhaint ón bpraghas ceannaigh is iníoctha leis an iarratasóir a chur ar neamhní;

— a ordú do BRA costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid curtha ó bhail ó thaobh nós imeachta de agus go substainteach mar gheall ar na heasnaimh sonracha seo a leanas a bhaineann leis an gcinneadh atá faoi chonspóid:

   — Sáraíonn an cinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 22(6) agus 28(2) SRMR ([1]) (a) toisc nach ionann na costais agus speansais réasúnacha arna dtabhú go cuí i dtaca le húsáid na n-uirlisí nó na gcumhachtaí réitigh; (b) toisc nár ghlac BRA cinneadh iomchuí maidir leis an mbealach ina n-aisghabhfaidh sé na costais agus ba cheart go mbeadh na costais forchurtha ar an institiúid faoi réiteach agus ar an gceannaitheoir go hindíreach dá bhrí sin; (c) toisc nach údaraítear le hAirteagal 28(2) SRMR do BRA ach treoracha a thabhairt do na húdaráis náisiúnta réitigh maidir le gnéithe d'fhorghníomhú na scéime réitigh cé gur costais a bhaineann leis an nós imeachta as a dtagann an cinneadh réitigh iad na costais dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid; agus (d) toisc nach údaraítear le SRMR do BRA comhairle dlí nó comhairle eile a fháil ar chostas an eintitis faoi mhaoirseacht nó a scairshealbhóirí.

   — Sáraíonn rannpháirtíocht comhairleoirí seachtracha Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh lena bhforáiltear do cheart gach duine a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ní ag comhairleoirí seachtracha.

   — Ar aon chuma, chumhdófaí na costais a fhorchuirtear ar an iarratasóir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ag ranníocaíochtaí rialta le caiteachas riaracháin BRA ag gach institiúid faoi mhaoirseacht.

   — Leanann sé ó na rialacha speisialta lena gceadaítear speansais do dhlíodóir a ghnóthú i gcásanna áirithe nach féidir na costais sin a aisghabháil go ginearálta.

   — Níor tabhaíodh na costais go ceart agus go réasúnach.

   — Baineann costais áirithe le cúrsaí dlí na Cróite. Is iad na húdaráis náisiúnta agus na cúirteanna amháin atá freagrach as léiriú agus cur i bhfeidhm dhlí na Cróite.

   — Baineann costais áirithe le cúrsaí smachtbhannaí atá lasmuigh d'inniúlacht BRA freisin.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar chinneadh réitigh atá neamhdhleathach ó thaobh nós imeachta de agus go substainteach agus atá á athbhreithniú faoi láthair i gcás T-524/22.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 15 Méan Fómhair 2022 – Sberbank Europe v BRA**

**(Cás T-572/22)**

(2022/C 451/21)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sberbank Europe AG (Vín, an Ostair) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an BRA dar dáta an 5 Iúil 2022 (BRA/EES/2022/36), lenar chinn an BRA na speansais i dtaca le réiteach fhochuideachta Slóivéanach an iarratasóra agus lenar thug sé treoir do Bhanc na Slóivéine speansais den sórt sin a asbhaint ón gceannach agus praghas iníoctha leis an iarratasóir a chur ar neamhní;

— a ordú don BRA costais an iarratasóra a iompar.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh a chonspóidtear truaillithe ar bhonn nós imeachta agus go substainteach mar gheall ar na lochtanna sonracha seo a leanas a bhaineann leis an gcinneadh a chonspóidtear:

   — Sáraítear Airteagal 22(6) SRMR agus Airteagal 28(2) SRMR ([1]) leis an gcinneadh atá faoi chonspóid toisc (a) nach speansais réasúnacha iad na costais arna dtabhú go cuí i dtaca le húsáid na n-uirlisí nó na cumhachtaí réitigh; (b) ní dhearna an BRA cinneadh iomchuí maidir leis an mbealach a ghnóthaíonn sé na costais agus ba cheart go mbeadh na costais curtha ar an institiúid faoi réiteach agus ar an gceannaitheoir go hindíreach dá bhrí sin; (c) le hAirteagal 28 (2) ní údaraíonn SRMR ach do BRA treoracha a thabhairt do na húdaráis náisiúnta réitigh maidir le gnéithe de chur i gcrích na scéime réitigh, de bhrí gur costais a bhaineann leis an nós imeachta as a dtiocfaidh an cinneadh réitigh na costais dá dtagraítear sa chinneadh a chonspóidtear; agus (d) ní údaraíonn an SRMR don BRA comhairle dlí nó comhairle eile a fháil ar chostas an eintitis faoi mhaoirseacht nó a scairshealbhóirí.

   — Sáraítear Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh le rannpháirtíocht comhairleoirí seachtracha, lena bhforáiltear do cheart gach duine a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ní comhairleoirí seachtracha iad. .

   — I gcás ar bith, chumhdófaí na costais a fhorchuirtear ar an iarratasóir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ag ranníocaíochtaí rialta le caiteachas riaracháin an BRA ó gach institiúid faoi mhaoirsiú.

   — Leanann sé *e contrario* ó na rialacha speisialta a cheadaíonn costais abhcóide dlí a ghnóthú i gcásanna áirithe nach féidir costais den sórt sin a ghnóthú go ginearálta.

   — Níor tabhaíodh na costais i gceart agus go réasúnta.

   — Baineann costais áirithe le cúrsaí dlí na Slóivéine. Is iad na húdaráis náisiúnta agus na cúirteanna amháin atá freagrach as léiriú agus cur i bhfeidhm dhlí na Slóivéine.

   — Baineann costais áirithe le cúrsaí smachtbhannaí atá lasmuigh d'inniúlacht an BRA freisin.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar chinneadh réitigh, atá mídhleathach ó thaobh nós imeachta agus go substainteach de agus atá á athbhreithniú faoi láthair i gcás T-523/22.

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2022 – CMB v an Coimisiún**

**(Cás T-619/22)**

(2022/C 451/22)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* CMB Colorex Master Batches BV (Helmond, an Ísiltír) (ionadaí: M. Wolf, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

— Cinneadh C(2022) 5829 final ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 maidir le haisghabháil faoin 16 Lúnasa 2022 de phríomhshuim EUR 125 166,68 móide ús arb ionann é agus EUR 24 592,68 nó de mhéid iomlán EUR 149 759,36 ó CMB Colorex Master Batches.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: íocadh an t-éileamh cheana.

2. An dara saincheist dlí: sárú ar na Conarthaí nó ar aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm.

   — de réir forálacha ábhartha den dlí Eorpach, tá an t-éileamh faoi chosc ama.

3. An tríú saincheist dlí: socraíodh an t-éileamh go mícheart.

   — ullmhaíodh an cinneadh atá faoi chonspóid go míchúramach.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Deireadh Fómhair 2022 — Vi.ni.ca.v EUIPO — Venica & Venica (agricolavinica. Le Colline di Ripa)**

**(Cás T-627/22)**

(2022/C 451/23)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vi.ni.ca. Srl — soc. agr. (Ripalimosani, an Iodáil) (ionadaí: S. Di Pardo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh — EUIPO

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc:* Venica & Venica di Gianni e Giorgio Venica Ss soc. agr. (Dolegna del Collio, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* An t-Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil na focail “agricolavinica. Le Colline di Ripa” iontu i ndathanna bána, dubha, dearga agus glasa — Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 196 079

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Iúil 2022 i gCás R 90/2022-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní nó, in aon chás, a leasú trína dhearbhú go bhfuil an marc “agricolavinica. Le Colline di Ripa” atá faoi chonspóid neamhbhailí, toisc nach bhfuil sé cosúil leis an trádmharc níos luaithe, VENICA, ní ó thaobh amhairc, ná foghraíochta de, ná ó thaobh coincheapa de agus toisc nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh mearbhall ann idir na marcanna;

— a ordú don chosantóir agus don pháirtí eile sna himeachtaí na costais a íoc.

**Saincheist dlí**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 10 Deireadh Fómhair 2022 – LAICO v an Comhairle

## (Cás T-629/22)

(2022/C 451/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Libyan African Investment Company (LAICO) (Tripoli, an Libia) (ionadaí: A. Bahrami agus N. Korogiannakis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1315 ón gComhairle an 26 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia [1] a mhéid is go gcoinnítear ainm Libyan African Investment Company (LAICO) ar liosta na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES [2];

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1308 ón gComhairle an 26 Iúil 2022 [3] lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 204/2011 [4] mhéid is go gcoinnítear ainm LAICO ar liosta na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle;

— a ordú don Chomhairle na costais dlí agus costais agus caiteachais eile an iarratasóra a thabhaítear i ndáil leis an iarratas a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 agus Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear oibleagáid na Comhairle gach beart sriantach a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go leanann siad ag rannchuidiú i dtreo baint amach a gcuspóirí sonraithe.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh earráid mheasúnaithe nó, de rogha air sin, earráid mheasúnaithe a rinneadh agus ainm an iarratasóra á choimeád ar liosta na n-eintiteas atá faoi réir beart sriantach. Tá an chúis atá le hainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ag teacht salach ar an gcritéar liostála ginearálta. Theip ar an gComhairle a hoibleagáid a chomhlíonadh chun a áirithiú gur chomhlíon an chúis le hainm an iarratasóra a choinneáil ar liosta na n-eintiteas atá faoi réir beart sriantach an critéar ginearálta liostála atá leagtha síos in Airteagal 9(2)(b) de Chinneadh (CBES) ón gComhairle. 2015/1333.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar phrionsabal na córa comhionainne.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

6. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear nach leor an t-athrú spreagtha agus atá ag teacht salach ar a chéile: sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, sárú ar Airteagal 296 den CFAE ar cheanglas nós imeachta fíor-riachtanach agus ar an gceart chun leigheas éifeachtach.

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1315 ón gComhairle an 26 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO 2022 L 198, lch. 19).

(2) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO 2022 L 206, lch. 34).

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1308 ón gComhairle an 26 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO 2022 L 198, lch. 1).

(4) Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO 2022 L 12, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Fridman agus páirtithe eile v an Chomhairle

**(Cás T-635/22)**

(2022/C 451/25)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* Mikhail Fridman (Londain, an Ríocht Aontaithe), Petr Aven (Virginia Water, an Ríocht Aontaithe) German Khan (Londain) (ionadaithe: T. Marembert agus A. Bass, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán (AE) 2022/1273 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, (1) a mhéid a bhaineann sé leis na hiarratasóirí, a chur ar neamhní;

agus

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear easpa bunús dlí. De réir na n-iarratasóirí, ní féidir leis an gComhairle dualgais dhearfacha a chur i bhfeidhm, go háirithe na cinn is mó a bhfuil anró ag baint leo, ar na daoine a gcuireann sí smachtbhannaí orthu.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear easpa bunús dlí agus go ndearnadh sárú ar Airteagail 4, 5, 25 agus 40 CAE agus Airteagail 3, 4, 82, 83 agus 215 CFAE. Maíonn na hiarratasóirí, chuige sin, trína cheangal ar na Ballstáit déileáil mar teacht timpeall ar smachtbhannaí le haon imeacht ó cheanglas na Comhairle sócmhainní a dhearbhú, gur ghníomhaigh an Chomhairle, atá ar an eolas go ndéanann 25 de na 27 Ballstát teacht timpeall ar smachtbhannaí a bheith ina chion coiriúil, mar reachtóir coiriúil.

(1) IO 2022 L 194, lch. 1.

## Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 — U. I. Lapp v EUIPO — Labkable Asia (Labkable Solutions for cables)

**(Cás T-636/22)**

(2022/C 451/26)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* U. I. Lapp GmbH (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaithe: R. Ingerl agus M. Ringer, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Labkable Asia Ltd (Kowloon, Hong Cong, an tSín)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Labkable Solutions for cables – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 123 696

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh a chonspóidtear*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Iúil 2022 i gCás R 1894/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an Cinneadh a chonspóidtear a leasú ionas go ndiúltófar an t-achomharc arna dhéanamh ag an bpáirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc;

— mar mhalairt air sin, an Cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a thabhaigh an t-iarratasóir a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Deireadh Fómhair 2022 – Westpole Belgium agus Unisys Belgium v an Pharlaimint**

**(Cás T-640/22)**

(2022/C 451/27)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí*: Westpole Belgium (Vilvoorde, an Bheilg), Unisys Belgium (Machelen, an Bheilg) (ionadaí: A. Vercruysse, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— go príomha, cinntí na Parlaiminte a chur ar neamhní:

  — Beart 7 den tairiscint dar teideal "PE/ITEC-ITS19-External Provision of IT Services" a bhronnadh ar na trí chéad tairgeoirí a liostaítear thíos:

    — Grád 1: OneCode, grúpa oibreoirí eacnamaíocha faoi stiúir bhrainse na Beilge de NTT Data Spain S.L.U., agus arb iad ARHS Developments S.A., SWORD Technologies S.A. agus SOGETI Lucsamburg S.A. a chomhchonraitheoirí; ceanncheathrú an ghrúpa oibreoirí eacnamaíocha: B-1000 an Bhruiséil (an Bheilg), rue de Spa 8;

— Grád 2: Consortium APC, grúpa oibreoirí eacnamaíocha faoi stiúir Atos Lucsamburg PSF, agus arb iad PWC EU Services and Computer Resources International Lucsamburg a chomhchonraitheoirí; ceanncheathrú ghrúpa n-oibreoirí eacnamaíocha: L-3364 Leudelange (Lucsamburg), rue du Château d'Eau 12;

— Grád 3: FACI²T Consortium? grúpa oibreoirí eacnamaíocha faoi stiúir CTG IT Solutions S.A., agus arb iad a chomhchonraitheoirí Fujitsu Technology Solutions N.V./S.A., Netcompany Intrasoft S.A. agus AXIANSEU – DIGITAL SOLUTIONS S.A., ceanncheathrú an ghrúpa oibreoirí eacnamaíocha: L-8070 Bertrange (Lucsamburg), rue des Mérovingiens 7;

— gan an tairiscint sin a dhámhachtain ar an gcuibhreannas InfraExpert, a bhfuil na hiarratasóirí thuasluaite ina gcomhaltaí de – cuibhreannas a cruthaíodh chun críche tairiscint a chur isteach sa nós imeachta dámhachtana atá i gceist, chomh maith leis an gcreatchonradh agus na comhaontuithe sonracha a shíniú agus a chomhlíonadh, a d'fhéadfaí a shíniú tar éis an tairiscint a dhámhachtain – cinneadh diúltú an conradh a fógraíodh do na hiarratasóirí a dheonú trí litir chláraithe an 3 Deireadh Fómhair 2022, tagairt GEDA (2022) 27063;

— sa bheart malartach agus mar bheart eatramhach, má mheasann an Chúirt Ginearálta gur cheart tuilleadh faisnéise a thabhairt di:

— a ordú go nochtfaidh an cosantóir thuasluaite na doiciméid seo a leanas:

— Cinntí a bhaineann le "na himthosca neamhghnácha a bhaineann le staid fhéideartha chun roinnt tairgeoirí a eisiamh", dá dtagraítear in iarratais an chosantóra ar shíneadh le tréimhse bailíochta na dtairiscintí sa nós imeachta dámhachtana atá i gceist;

— Ráiteas faoi mhionn ó chuibhreannas OneCode agus/nó ó bhrainse na Beilge de NTT Data Spain S.L.U.;

— Na cúiseanna le EVERIS S.L.U. ó Mhíreanna 3 agus 8 den tairiscint atá i gceist;

— Freagra na dtairgeoirí a bhuaigh an conradh atá i gceist ar chuid C "Ceistneoir meastóireachta teicniúil" de na sonraíochtaí Teicniúla;

— Freagraí (ceistneoir + tábla praghsanna Excel) na dtairgeoirí a bhuaigh an conradh atá i gceist ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bhfoirm meastóireachta praghais maidir le sonraíochtaí Teicniúla (Míreanna 1-10) – nó ar a laghad na sleachta ábhartha do Mhír 7.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí thrí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú dóchúil ar Airteagail 136 agus 140 de Rialachán 2018/1046. (1) Maíonn na hiarratasóirí gur mhainnigh an cosantóir na cinntí riaracháin agus breithiúnacha a rinneadh maidir le comhalta den chuibhreannas arbh é an tairgeoir an rangú is airde a chur san áireamh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 160 de Rialachán 2018/1046. Maíonn na hiarratasóirí, trí theip air tairiscint íseal neamhghnách amháin ar a laghad a eisiamh, gur mhainnigh an cosantóir go neamhdhleathach do thairiscint na n-iarratasóirí.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear claontachta maidir leis an meastóireacht theicniúil chomh maith le sárú féideartha ar Airteagal 160 de Rialachán 2018/1046 i ndáil leis sin. Maíonn na hiarratasóirí, go háirithe, go bhfuil an mheastóireacht theicniúil ar na tairiscintí, arb ionann é agus 70 % d'ualú na gcritéar dámhachtana, bunaithe rómhór ar mheasúnuithe suibiachtúla chun go bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta faireachán dáiríre a dhéanamh uirthi.

(1) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Portigon v BRA**

**(Cás T-641/22)**

(2022/C 451/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Portigon AG (Düsseldorf, an Ghearmáin) (ionadaithe: D. Bliesener, V. Jungkind agus F. Geber, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair (BRA)

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an chosantóra an 25 Iúil 2022 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* le haghaidh 2017 leis an gCiste Réitigh Aonair (SRB/ES/2022/41), a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir, a chur ar neamhní;

— bac a chur ar na himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 69(c) agus (d) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta go dtí go dtabharfar cinneadh críochnaitheach i gCásanna T-413/18, [1] T-481/19, [2] T-339/20, [3] T-424/20 [4] agus T-360/21 [5] nó go dtí go gcuirfear críoch leis na himeachtaí sin ar shlí eile;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir na naoi saincheist dlí seo a leanas:

1. An chéad saincheist dlí: sárú ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, [6] ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/81 ón gComhairle [7] agus ar CFAE trí mhéaduithe ar mhéid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an iarratasóir leis an gciste.

   — Maíonn an t-iarratasóir go raibh an cosantóir mícheart an t-iarratasóir a chur faoi réir oibleagáide ranníocaíocht a íoc, ós rud é nach bhforáiltear do ranníocaíocht éigeantach d'institiúidí atá faoi réiteach i Rialachán Uimh. 806/2014 agus Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [8].

   — Ní raibh sé de cheart ag an reachtóir an oibleagáid chun ranníocaíocht a íoc a bhunú ar Airteagal 114 CFAE de bharr nach raibh aon bhaint aici leis an margadh inmheánach. Ní chuidíonn rialacha comhchuibhithe lena rialaítear ranníocaíochtaí ar fud an Aontais Eorpaigh le feidhmiú saoirsí bunúsacha agus ní chuireann siad i gceart saobhadh suntasach ar an iomaíocht i dtaca le hinstitiúidí a tharraingíonn siar ón margadh.

   — Maíonn an t-iarratasóir go raibh an cosantóir mícheart an t-iarratasóir a chur faoi réir oibleagáide ranníocaíocht a íoc, de bharr nach bhfuil aon riosca neamhchosanta ag baint leis an institiúid, níl aon ionchas ann go rachaidh an institiúid faoi réiteach i gcomhréir le rialacha Rialachán (AE) Uimh. 806/2004 agus níl aon tábhacht ag baint leis an institiúid i ndáil le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

   — Sáraítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún [9] Airteagal 114 CFAE agus Airteagal 103(7) de Threoir 2014/59/AE mar riail shár-riachtanach (an dara habairt d'Airteagal 290(1) CFAE).

2. An dara saincheist dlí: sárú ar Airteagal 41(2)(c) agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), ar an bhforas nach gceadaítear leis an nós imeachta um ríomh ráiteas iomlán cúiseanna maidir le ríomh na ranníocaíochtaí. Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 neamhbhailí i bpáirt.

3. An tríú saincheist dlí: sárú ar Airteagail 16 agus 20 den Chairt, ós rud é, i bhfianaise staid shonrach an iarratasóra, go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid contrártha don phrionsabal ginearálta comhionannais agus don tsaoirse bhunúsach gnó a sheoladh.

4. An ceathrú saincheist dlí: sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, de bharr nach bhfuil éifeacht chúlghabhálach an chinnidh atá faoi chonspóid incheadaithe.

5. An cúigiú saincheist dlí: sárú ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta, de bharr nár éist an cosantóir an t-iarratasóir go leor sular ghlac sé an cinneadh atá faoi chonspóid agus nár thug sé cúiseanna leordhóthanacha leis an gcinneadh.

6. An séú saincheist dlí: mar mhalairt argóinte, níl bunú trí chatagóir ag an gcosantóir laistigh den táscaire "ballraíocht scéime cosanta institiúide" intuigthe.

7. An seachtú saincheist dlí: mar mhalairt argóinte, sárú ar Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 103(7) de Threoir 2014/59/AE, ós rud é gur chóir don chosantóir, agus méid na ranníocaíochta á ríomh aige, dliteanais nach mbaineann riosca leo a eisiamh ó na dliteanais ábhartha.

8. An ochtú saincheist dlí: mar mhalairt argóinte, sárú ar Airteagal 70(6) de Rialachán (AE) Uimh 806/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(3) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, ós rud é gur ríomh an cosantóir go mícheart ranníocaíocht an iarratasóra ar bhonn cur chuige comhlán i dtaca le conarthaí díorthaigh.

9. An naoú saincheist dlí: mar mhalairt argóinte, sárú ar Airteagal 70(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6(8)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, ós rud é gur mheas an cosantóir go mícheart go raibh an t-iarratasóir ina institiúid faoi atheagrú.

---

([1]) IO 2018 C 294, lch. 41.
([2]) IO 2019 C 305, lch. 60.
([3]) IO 2020 C 240, lch. 34.
([4]) IO 2020 C 279, lch. 70.
([5]) IO 2021 C 320, lch. 53.
([6]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/81 ón gComhairle an 19 Nollaig 2014 lena sonraítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair (IO 2015 L 15, lch. 1).
([8]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).
([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa maidir le ríomh ranníocaíochtaí *ex ante* le socruithe maoinithe réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

---

## Caingean arna tabhairt an 14 Deireadh Fómhair 2022 — Yanukovych v an Chomhairle

## (Cás T-642/22)

(2022/C 451/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Oleksandr Viktorovych Yanukovych (Cathair Pheadair, an Rúis) (ionadaí: B. Kennelly, Abhcóide)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Cinneadh (CBES) 2022/1355 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1354 ([1]) ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([2]) a mhéid atá feidhm acu maidir leis an iarratasóir, a chur ar neamhní. Iarrann an t-iarratasóir freisin go n-íocfar a chostais.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráidí follasacha measúnaithe lena cinneadh gur comhlíonadh an critéar ainmniúcháin. Go háirithe, ghlac an Chomhairle ar aghaidhluach, gan aon iarracht fíorú de chineál ar bith a dhéanamh, dearbhuithe, líomhaintí agus fiú tuairimí, gan bhunús agus stairiúla den chuid is mó, ó thuarascálacha éagsúla de chuid na meán a bhfuil amhras ann maidir lena hiontaofacht. Chuir an Chomhairle na héilimh agus na líomhaintí sin in iúl mar fhíorais, in ainneoin an iliomad míchruinnis agus neamhréireachtaí a shainaithin an t-iarratasóir ina chuid barúlacha. Ba cheart don Chomhairle imscrúdú breise a dhéanamh agus scrúdú cuí a dhéanamh ar leordhóthanacht, inchreidteacht agus iontaofacht an ábhair ar a raibh sí ag brath, ach mhainnigh sí déanamh amhlaidh. Mar thoradh air sin, níl aon bhunús fíorasach sách láidir ann do Smachtbhannaí 2022 Lúnasa agus ba cheart iad a neamhniú dá réir sin.

(1) IO 2022 L 204 I, lch. 4.
(2) IO 2022 L 204 I, lch. 1.

**Caingean arna tabhairt an 14 Deireadh Fómhair 2022 — Yanukovych v an Chomhairle**

**(Cás T-643/22)**

(2022/C 451/30)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Viktor Fedorovych Yanukovych (Rostov-on-Don, an Rúis) (ionadaí: B. Kennelly, Abhcóide)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Cinneadh (CBES) 2022/1355 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1354 [1] ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [2] a mhéid atá feidhm acu maidir leis an iarratasóir, a chur ar neamhní. Iarrann an t-iarratasóir freisin go n-íocfar a chostais.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráidí follasacha measúnaithe lena cinneadh gur comhlíonadh an critéar ainmniúcháin. Go háirithe, ghlac an Chomhairle ar aghaidhluach, gan aon iarracht fíorú de chineál ar bith a dhéanamh, dearbhuithe, líomhaintí agus fiú tuairimí, gan bhunús agus stairiúla den chuid is mó ó thuarascálacha éagsúla de chuid na meán a bhfuil amhras ann maidir lena hiontaofacht. Chuir an Chomhairle na héilimh agus na líomhaintí sin in iúl mar fhíorais, in ainneoin an iliomad míchruinnis agus neamhréireachtaí a shainaithin an t-iarratasóir ina chuid barúlacha. Ba cheart don Chomhairle imscrúdú breise a dhéanamh agus scrúdú cuí a dhéanamh ar leordhóthanacht, inchreidteacht agus iontaofacht an ábhair ar a raibh sí ag brath, ach mhainnigh sí déanamh amhlaidh. Mar thoradh air sin, níl aon bhunús fíorasach sách láidir ann do Smachtbhannaí 2022 Lúnasa agus ba cheart iad a neamhniú dá réir sin.

(1) IO 2022 L 204 I, lch. 4.
(2) IO 2022 L 204 I, lch. 1.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Deireadh Fómhair 2022 – Interfloat agus GMB v an Coimisiún**

**(Cás T-530/20)** ([1])

(2022/C 451/31)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D'ordaigh Uachtarán an Séú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 329, 5.10.2020.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA